Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/4932

19.8.2024

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Chéad Dlísheomra) an 4 Iúil 2024 (iarraidh ar réamhrialú ó Sofiyski gradski sad – an Bhulgáir) – imeachtaí coiriúla i gcoinne FP, QV, IN, YL, VD, JF, OL**

**(Cás C-760/22 ([1]), FP agus páirtithe eile (Triail trí fhíschomhdháil)]**

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Treoir (AE) 2016/343 – Ceart chun freastal ar an triail – An fhéidearthacht do chúisí páirt a ghlacadh in éisteachtaí a thrialach trí fhíschomhdháil)***

(C/2024/4932)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

### An chúirt a rinne an tarchur

Sofiyski gradski sad

### Páirtithe sna príomhimeachtaí coiriúla

FP, QV, IN, YL, VD, JF, OL

*páirtí eile sna himeachtaí:* Sofiyska gradska prokuratura

### An chuid oibríochtúil

Ní mór Airteagal 8(1) de Threoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta a neartú mar aon leis an gceart bheith i láthair ag an triail in imeachtaí coiriúla a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar chúisí, arna iarraidh sin aige, páirt a ghlacadh in éisteachtaí a thrialach trí fhíschomhdháil, agus an ceart chun triail chóir a fháil á áirithiú, thairis sin.

---

([1]) IO C 71, 27.02.2023.